

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne- Maigh Chromtha


Nuachtlitir Uimh.6: Nollaig 2021



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Iompair
Department of Transport



Móróbreacha cré i Chúil Chomhair



Ceangal Isteach Thiar

Fáilte go Nuachtlitir Uimh. 6

Dul chun cinn le roinnt míonna: Foilsíodh an nuachtlitir is déanaí i mí Lúnasa 2021 agus is mór an dul chun cinn atá déanta ón am sin.

I **gCuid 1**, chlúdaíonn an limistéir idir an Ceangal Isteach Thiar ar an Sliabh Riabhach go Bóthar Chill na Martra, seo a leanas cuid de na buaicphointí den méid atá bainte amach go dtí seo:

Tá an gearradh domhain tríd an Sliabh Riabhach ag dul ar aghaidh go maith le 300,000 méadar ciúbach d'ábhar bainte as. Go ginearálta úsáidtear an t-ábhar forchlúdaigh mar ábhar tógála bóthar. Baintear an charraig as le pléascadh agus briseadh agus próiseáilte ansin agus athúsáidte mar ábhar tógála. Coimeádtar cónaitheoirí agus úinéirí talún i ngiorracht don áit ar an eolas faoi gach pléascadh.

Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl do na cónaitheoirí áitiúla as ucht comhoibriú agus tacú linn.

Tá claifort suntasach tógtha ar an gCeapach Thiar, ag úsáid ábhair tochairle ar an Sliabh Riabhach, chun an claifort a thabhairt suas go dtí na leibhéil atá deartha. Is féidir an claifort a fheiscint ón "Bóthar Uachtarach" gar don phointe go dtéann an bóthar áitiúil faoin mbóthar N22 nua.

Tá dul chun cinn maith déanta leis na struchtúir:

Ath-osclaíodh an "Bóthar Uachtarach" do thrácht i mí Lúnasa, nuair a críochnaíodh an fo-dhroichead ar an gCeapach Thoir, tar éis do a bheith dúnta le breis agus 5 seachtain. Táimid an-bhuíoch do mhuintir na háite sa cheantar as an gcomhoibriú a fuairamar uathu.

D'oscail an t-acomhal ar an Tonn Láin, faoi leagan amach sealadach do thrácht ghinearálta i mí Meán Fómhair agus cé gur acomhal i bhfoirm timpealláin atá beartaithe don áit seo ar deireadh. Tá cónaitheoirí timpeall ar an áit go mbíodh Bóthar Chluain Droichead, theas ón N22 nua, ina gcónaí anois ar bhóthar *cul-de-sac*, le líon tráchta atá anois laghdaithe go mór.

Tá an fo-dhroichead do choisithe ar an mbóthar Áitiúil L-74172 i mBaile Mhic Íre críochnaithe anois, pábháil déanta ar bhóithre isteach agus iad oscailte do choisithe agus do thrácht rothar. Cuimsítear dhá bhóthar *cul-de-sac* anois leis an mbóthar áitiúil, agus leibhéil an-íseal tráchta orthu.

Struchtúr mór 3-réise atá faoi thógáil le tamall anois is ea an droichead thar an N22 atá ann cheana i gCúil na Cathrach. Suiteáladh na bíomaí droichid le linn dúnadh bóthair a tharla thar tréimhse 4-oíche. Tá an deic droichid déanta agus tá an droichead é féin ullamh le trácht a thógaint trasna an N22.

Cuireadh an malairt slí sealadach seo i gcrích i mí Deireadh Fómhair ar an Sliabh Riabhach ar an mbóthar áitiúil an L-92206. Cruthófar leis seo an deis chun fo-dhroichead a thógáil don bhóthar seo.

Maidir le **Cuid 3**, cuid de na hoibreacha atá 12.5km ar fhaid ó Bhóthar Chill na Martra go hAcomhal Chúil Chomhair: d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn mar seo:

Tá na móróbreacha cré, lena gcuimsítear tochairle agus oll-iompar nach mór críochnaithe go Cúil Chomhair agus go Bóthar Chill na Martra leis na claifort anois le feiscint ó na bóithre áitiúla.

Tá an asbhaint charraige ag úsáid pléascadh críochnaithe sa Chuid seo agus táimid faoi chomaoín ag cónaitheoirí áitiúla as an gcomhoibriú a thugadar dúinn leis an gcuid dúshlánach seo den tionscadal.

Tá suiteáil déanta ar gach ceann den dhá linteár bosca déag a bhí ag teastáil sa Chuid seo. Tá na hoibreacha a bhaineann leis an bhfáladóireacht bhuan sa Chuid seo ag dul ar aghaidh faoi láthair.

Tá an draenáil agus an ductú do phríomhlíne an N22 ar siúl agus tá sé seo críochnaithe ó Bhóthar Shráid an Mhuilinn go Abha na Fothraise.

Ath-osclaíodh Bóthar Chluain Fada do thrácht ghinearálta ar an 8 Deireadh Fómhair 2021. Tá an obair thógála curtha go maith chun cinn ar Acomhal an Ghoirtín Rua le Bóthar Shráid an Mhuilinn agus Bóthar Thír Bheag a ath-oscail chomh maith do thrácht ghinearálta ar an 8 Deireadh Fómhair 2021.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh faoi láthair ar an obair i mBaile Uí Bhioráin chun Bóthar Bhaile na Graí a leathnú agus tá dromchla anois curtha ar an mbóthar ar an taobh theas den droichead.

Tá an obair thógála ar bhóithre rochtana d'úinéirí talún éagsúla ag dul ar aghaidh agus ag céimeanna éagsúla ar fud an Choda.

Conas
teagmháil a
dhéanamh linn:

Teileafón
087-4581555

Freagrófar le linn
gnáth uaireanta
oifige, nó fág
teachtaireacht

R-phost
info@n22bbm.ie

Suíomh
www.n22bbm.ie

Seoladh

Oifigí Láithreacháin
N22 BBM, Bóthar
Shráid an
Mhuilinn, Maigh
Chromtha, P12
PN24



Tá an obair thógála ar struchtúir éagsúla sa Chuid forbartha go maith agus seo a leanas achoimre ar sin:

Struchtúr	Dul chun cinn
S17 Fo-dhroichead Charraig an Phúca	Déanta
S19 Droichead Abha na Fothraise	Críochnaithe
S20 Tar-dhroichead Chluain Fada	Críochnaithe
S21 Fo-dhroichead Ghoirtín Rua	Críochnaithe
S22 Fo-dhroichead Choill na nGoirtíní	Ag dul ar aghaidh
S23/S23A Fo-dhroichead Bhaile Uí Bhioráin	Críochnaithe
S24 Tar-dhroichead Chúil Liatháin	Críochnaithe
S25 Fo-dhroichead Chúil Liatháin	Críochnaithe
S26 Droichead Abha na Láinne	Críochnaithe
S27 Fo-dhroichead Iomaire	Críochnaithe
S28 Droichead Abha an tSuláin	80% Críochnaithe

Is iad na hoibreacha atá pleanáilte do mhí na Nollag 2021 agus Eanáir 2022 ná:

Cuid 1: Beidh an bhéim le linn na míonna seo ar charraig a thochailt, ar an Sliabh Riabhach go príomha agus í a aistriú go láithreacha atá le líonadh isteach soir chomh fada le Bóthar Chill na Martra.

Leanfar ar aghaidh ag úsáid bristeoirí chun carraig a bhaint as i gCúil an Bhuacaigh go dtí go mbainfear amach an próifíl bóthair riachtanach. Leanfar leis an dul chun cinn ar na struchtúir atá á dtógáil faoi láthair.

Cuid 3: Cuirfear tús leis na hoibreacha príomhlíne (cainéal coincreíte draenála & sraitheanna pábhála) ó Acomhal an Ghoirtín Rua siar i dtreo Bhóthar Chill na Martra. Leanfar leis an draenáil agus ductú ar an bpríomhlíne siar ó Abha na Fothraise i dtreo Bhóthar Chill na Martra.

Tá sé sceidealaithe go gcríochnófar an obair thógála ar na sliosbhóithre thuaidh agus theas d'Acomhal an Ghoirtín Rua faoi dheireadh mhí Eanáir 2022.

Tá sé sceidealaithe go n-athosclofar Bóthar Choill na nGoirtín don phobal ar an 3 Nollaig 2021, agus má cheadaíonn an aimsir é, tá sé sceidealaithe go mbeidh na hoibreacha ar Bhóthar Bhaile na Graí a leathnú a bheith críochnaithe faoin Nollaig. Ba mhaith linn an deis a thapú ár mbuíochas a chur in iúl do chónaitheoirí Bhóthar Choill na nGoirtíní, do mhuintir cheantair Bhaile Uí Bhioráin agus do mhuintir Dhrom Rí as an gcomhoibriú ar fad leis na hoibreacha.

Ag an deireadh Lastoir den Chuid seo, cuirfear tús leis an draenáil agus ductú ar an bpríomhlíne ó Abha an tSuláin ag taisteal siar i dtreo Acomhal an Ghoirtín Rua, agus tá sé sceidealaithe tús a chur le hoibreacha d'Acomhal Chúil Chomhair i mí Feabhra 2022.

Mar seo a leanas a bheidh oibreacha ar struchtúir don tréimhse seo:

Struchtúr	Dul chun cinn
S15A Fo-dhroichead Cóiríochta ag Lios an Chraosaigh	Le bheith críochnaithe
S16A Fo-dhroichead Cóiríochta ag Inse an Líonáin	Le bheith críochnaithe
S22 Tar-dhroichead Choill na nGoirtíní	Sceidealaithe le hathoscailt ar an 3 Nollaig, 2021.

